# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Bitheolaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# RÉAMHRÁ

1. Is treoir í an scéim mharcála maidir le marcanna a bhronnadh i ndáil le freagraí iarrthóirí. Treoir achoimre chruinnbheacht atá inti agus í curtha le chéile d'fhonn a laghad focal agus is féidir a úsáid.
2. Ní foláir do na scrúdaitheoirí an scéim a leanúint go dlúth, mar a leagfar amach sna pointí seo a leanas, agus níl cead marcanna a bhronnadh i ndáil le freagraí nach dtagann faoi scáth na scéime seo.
3. Tá focail agus nathanna buntábhachta luaite sa scéim ar féidir marcanna a bhronnadh ar an iarrthóir ina leith. Ní fhágann sin nach bhfuil glacadh le focail ná nathanna comhchiallacha lena gcuirtear in iúl an rud céanna le freagra na scéime marcála.
4. Cé go bhfuil glacadh go ginearálta le focail chomhchiallacha, tharlódh cásanna ina n-éileofaí téarma cruinnbheacht eolaíochta faoin scéim agus nach mbeadh glacadh sa chás sin le téarmaí comhchiallacha nach saintéarmaí eolaíochta iad ná le téarmaí comhchiallacha ón ngnáthchaint.
5. In ndáil le freagraí sainiúla, d'fhéadfaí a áireamh sa scéim na focail "aon fhreagra bailí" agus bainfidh na scrúdaitheoirí leas as a b(h)reithiúnas gairmiúil le bailíocht an fhreagra a dhearbhú. Más ann d'amhras, ba cheart don scrúdaitheoir dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
6. Ní féidir marcanna a bhronnadh i ndáil le focal ná le frása buntábhachta, ach amháin má chuirtear i láthair é sa chomhthéacs ceart.
7. Má thagann chun aire an scrúdaitheora go bhfuil freagra bailí tugtha ag iarrthóir agus gan aon fhoráil leagtha amach sa scéim gur féidir glacadh leis an bhfreagra sin, ní mór don scrúdaitheoir dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach i dtosach báire roimh mharcanna a bhronnadh.

**FREAGRAÍ AR CEAL**

Seo a leanas sliocht as S63 *Treoracha do Scrúdaitheoirí 2013*,*7.3, lch 22.*

"Sa chás nach bhfreagraíonn iarrthóir ceist nó cuid de cheist ach aon uair amháin agus go gcuireann an t-iarrthóir an freagra ar ceal ina dhiaidh sin,
ba chóir neamhaird a dhéanamh den chur ar ceal agus plé leis an bhfreagra ar nós nár chuir an t-iarrthóir ar ceal é."

e.g. *Ceist:* Cad is pailniú ann?

Scéim Mharcála: aistriú pailine / ón antar / go dtí an stiogma **3(3) mharc**

*Freagra Samplach*: ~~aistriú pailine / ar fheithid/ go dtí an stiogma~~

Tá an freagra curtha ar ceal ag an iarrthóir agus níor thug an t-iarrthóir iarracht eile an cheist a fhreagairt agus is féidir 2(3) mharc a bhronnadh.

**FREAGRAÍ FARASBAIRR**

**I Roinn A cuirtear na marcanna a bhronntar i leith freagra ceart ar ceal sa chás go dtugtar freagra farasbairr atá contráilte.**

e.g. *Ceist:* Tá ballaí soithigh xiléime treisithe le ……………………

Scéim Mharcála: lignin **4 mharc**

*Freagraí samplacha:*

(i) citin, lignin – tá freagra farasbairr tugtha agus é mícheart, dá réir sin gnóthaíonn an t-iarrthóir , 4 – 4 mharc = 0.

(ii) ~~lignin~~ – tá an freagra, atá ceart, curtha ar ceal, ach níl aon fhreagra breise ná freagra farasbairr tugtha, dá réir sin is féidir 4 mharc a bhronnadh ar an iarrthóir.

(iii) lignin, ~~citin~~ – tá freagra farasbairr tugtha, agus é mícheart, ach tá sé curtha ar ceal. Thug an t-iarrthóir níos mó ná freagra amháin ach is féidir glacadh leis an gcur ar ceal agus is féidir 4 mharc a bhronnadh ar an iarrthóir.

(iv) ~~lignin~~, citin – tá an freagra ceart curtha ar ceal agus freagra mícheart curtha ina áit agus mar sin ní bhronntar marcanna ar bith ina leith.

**I Roinn B agus i Roinn C, nuair a éilítear líon áirithe pointí,** agus nuair a fhreagraíonn an t-iarrthóir trí liosta roghanna a thabhairt, ní chuirfidh an scrúdaitheoir ach an chéad cheann, an chéad dá cheann, nó na chéad trí cinn san áireamh (mar is iomchuí) fiú má tá freagra ceart ann níos faide ar aghaidh sa liosta.

**GNÁSANNA NA SCÉIME MARCÁLA**

1. Na focail agus frásaí a dtugtar marcanna ina leith, scartar iad le soladas ( / ).
2. Luaitear an marc a bhronntar i ndáil le freagra faoi chló trom in aice leis an bhfreagra.
3. Sa chás go bhfuil níos mó ná cuid amháin i bhfreagra, luaitear an marc a bhronntar i ndáil le gach cuid den fhreagra idir lúibíní e.g. ciallaíonn **5 (4)** go bhfuil cúig chuid ag baint leis an bhfreagra agus go gcuirtear 4 mharc i leith gach cinn acu sin.
4. Ní móide go gcuirfí marc áirithe i leith fhreagra gach fochoda de cheist;
   e.g. d'fhéadfadh sé fhochuid a bheith ag baint le ceist – (a), (b), (c), (d), (e), (f) – agus 20 marc curtha i leith na ceiste sin san iomlán. Tharlódh gur mar seo a leanas a bheadh an scéim mharcála: **2 (4) + 4 (3).** Ciallaíonn sin go mbronntar 4 mharc an ceann i leith an chéad dá fhreagra chearta agus gur 3 mharc an ceann a bhronntar i leith gach freagra ceart ina ndiaidh sin.
5. Aon fhocal, téarma nó frása a luaitear idir lúibíní, ní gá go mbeadh sin sa fhreagra agus tugtar é chun an freagra a a chur i gcomhthéacs.
6. I Roinn C, ná léigh aon rud a d’fhéadfadh a bheith scríofa ag an iarrthóir ar an gceistpháipéar mura dtagraíonn an t-iarrthóir, sa fhreagarleabhar, go sonrach do chuid áirithe de cheist a freagraíodh áit a bhfuil an cheist ar an gceistpháipéar.
7. Úsáidtear lúibíní cearnógacha nuair atá aird an scrúdaitheora á díriú ar threoir maidir le freagra nó ar cháiliúchán éigin maidir leis an bhfreagra.

| | | | Roinn A | |
|---|---|---|---|---|

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1.** | | | | **5(4)** |
| | (a) | | Nítrigin | (1 phointe) |
| | (b) | | Carbaihiodráit / monaisiúicríd / siúcra | (1 phointe) |
| | (c) | | A / D / E / K | (1 phointe) |
| | (d) | | (tuaslagán) Benedict / (tuaslagán) Fehling | (1 phointe) |
| | (e) | | mhianraí / dhúile | (1 phointe) |
| **2.** | | | | **6(3) + 2** |
| | (a) | | *A* = Gas nó idirnód *B* = Duilleog nó meánfhéith *C* = Fréamh | (3 phointe) |
| | (b) | | *Feidhm A:* e.g. fótaisintéis / tacaíocht / iompar / stóráil (bia)<br>*Feidhm B:* e.g. fótaisintéis / trasghalú / malartú gás / stóráil (bia)<br>*Feidhm C:* e.g. ancaireacht / ionsú (uisce nó mianraí) / stóráil (bia) | (3 phointe) |
| | (c) | | Gnéasach | (1 phointe) |
| | | | | |
| **3.** | | | | **6(3) + 2** |
| | (a) | | **F** | |
| | (b) | | **B** | |
| | (c) | | **B** | |
| | (d) | | **B** | |
| | (e) | | **F** | |
| | (f) | | **F/B** | |
| | (g) | | **B** | |
| | | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **4.** | | | | **6(3) + 2** |
| | (a) | | *Cilldeighilt* = A; *Idirphas* = B | (2 phointe) |
| | (b) | | 1. Miotóis 2. Méóis (in aon ord) | (2 phointe) |
| | (c) | | *Dhá chúis:* e.g. víris / radaíocht / caitheamh (tobac) / truailleán ainmnithe | (2 phointe) |
| | (d) | | *Cóireáil:* e.g. ceimiteiripe / radaiteiripe / gnáthamh máinliachta | (1 phointe) |
| | | | | |
| **5.** | | | | **5(4)** |
| | (a) | | Próitéin | (1 phointe) |
| | (b) | | Teocht | (1 phointe) |
| | (c) | | Díluailithe | (1 phointe) |
| | (d) | | Substráit | (1 phointe) |
| | (e) | | Ath-inúsáidte | (1 phointe) |
| | | | | |
| **6.** | | | | **6(3) + 2** |
| | (a) | | *A* = Coirtéis *B* = Meideall / Pirimid *C* = Úiréadar | (3 phointe) |
| | (b) | | Lamhnán | (1 phointe) |
| | (c) | | Fual / Úiré / Uisce / Salann | (1 phointe) |
| | (d) | | Coirtéis/ capsúl Bowman/ glomarúlach/ 'A' má tá sé ainmnithe i gceart in (a) | (1 phointe) |
| | (e) | | e.g. Scagdhealú/ trasphlandú | (1 phointe) |

| | | | Roinn B | |
|---|---|---|---|---|
| **7.** | (a) | | | **1 + 5** |
| | | (i) | Clóraplast | (1 phointe) |
| | | (ii) | Ocsaigin | (1 phointe) |
| | (b) | | Mura bhfuil na codanna (ii), (iii), (iv) agus (vi) comhsheasmhach ó fhreagra go freagra, glac leis an leagan a ghnóthaíonn an líon is mó marcanna. | **8(3)** |
| | | (i) | Ainm an phlanda [caitheann sé bheith uisceach] | (1 phointe) |
| | | (ii) | Fad idir eascra agus lampa méadaithe nó laghdaithe<br>NÓ<br>Cineálacha éagsúla tiúchana de $NaHCO_3$ | (1 phointe) |
| | | (iii) | e.g. Teocht / déine solais má tá tic curtha le $CO_2$ / Tiúchan $CO_2$ má tá tic curtha le déine solais | (1 phointe) |
| | | (iv) | Dabhach uisce i gcás teochta / an lampa (céanna) ar an bhfad céanna i gcás déine solais / an tiúchan céanna $NaHCO_3$ i gcás tiúchan $CO_2$ | (1 phointe) |
| | | (v) | Boilgeoga (a chomhaireamh) / in aghaidh an aonaid ama | (2 phointe) |
| | | (vi) | Déine solais níos mó nó tiúchan $CO_2$ níos airde / $\longrightarrow$ ráta níos airde fótaisintéise<br>NÓ<br>A mhalairt de ráiteas | (2 phointe) |
| | | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **8.** | (a) | | | **1 + 5** |
| | | (i) | Uisce | (1 phointe) |
| | | (ii) | Idirleathadh / iompar gníomhach: | (1 phointe) |
| | (b) | (i) | Léaráid + 3 lipéad | **D. 6,3,0**<br>**L.3(2)** |
| | | | | **4(3)** |
| | | (ii) | Na cineálacha céanna tiúchana e.g. uisce amháin (sa mhála) | (1 phointe) |
| | | (iii) | e.g. méadú (nó laghdú) ar mhais nó ar thoirt fheadánra Visking. | (1 phointe) |
| | | (iv) | Uisce aistrithe isteach i bhfeadánra (nó amach as) | (1 phointe) |
| | | (v) | Comparáid (leis an turgnamh) | (1 phointe) |
| | | | | |
| **9.** | (a) | | | **1 + 5** |
| | | (i) | Bainistiú stuama ar acmhainní nádúrtha | (1 phointe) |
| | | (ii) | D'fhonn díothú a sheachaint / (d'fhonn) bithéagsúlacht (a chaomhnú) / (d'fhonn) comhardú an dúlra (a chaomhnú) | (1 phointe) |
| | (b) | | | **8(3)** |
| | | (i) | Ainm ghaireas 1<br>Ainmhí ainmnithe<br>Léaráid<br>Ainm ghaireas 2<br>Ainmhí ainmnithe<br>Léaráid | (6 phointe) |
| | | (ii) | Cuadraí | (1 phointe) |
| | | (iii) | Suirbhéanna cainníochtúla e.g. dáileachán, minicíocht, clúdach | (1 phointe) |
| | | | | |

| | | | Roinn C | |
|---|---|---|---|---|
| **10.** | (a) | | | **7 + 2(1)** |
| | | (i) | Aonad oidhreachta / stráice feidhmiúil DNA | (1 phointe) |
| | | (ii) | Foirm mhalartach géine | (1 phointe) |
| | | (iii) | Déanamh géiniteach (orgánaigh) | (1 phointe) |
| | | | | |
| | (b) | | | **3(5) + 6(2)** |
| | | (i) | *X* = Tímín nó T *Y* = Cíotóisín nó C | (2 phointe) |
| | | (ii) | Núicléas amháin – [glac le crómasóim] | (1 phointe) |
| | | (iii) | mRNA | (1 phointe) |
| | | (iv) | Sampla DNA a chóireáil / patrún a nochtadh/ nach bhfuil ach ag aon speiceas amháin nó é a chur i gcomparáid le patrún eile | (2 phointe) |
| | | (v) | Einsímí | (1 phointe) |
| | | (vi) | e.g. fóiréinsic / tástáil atharthachta nó máithreachais | (2 phointe) |
| | | | | |
| | (c) | | | **2(6) + 6(2)** |
| | | | Cearnóg Punnett nó scéim eile a taispeánadh | (1 phointe) |
| | | | Críochnaíodh an chros i gceart | (1 phointe) |
| | | (i) | XX = Baineann / XY = Fireann | (2 phointe) |
| | | (ii) | *Gaiméítí baineanna* ⟶ (X) / Gaiméítí fireanna (X) agus (Y) | (3 phointe) |
| | | (iii) | XX agus XY | (1 phointe) |
| | | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **11.** | (a) | | | **7 + 2(1)** |
| | | (i) | Orgánach a tháirgeann a bhia féin. | (1 phointe) |
| | | (ii) | Ról nó 'slí bheatha' orgánaigh (ina ghnáthóg féin) | (1 phointe) |
| | | (iii) | An áit ina gcónaíonn an t-orgánach | (1 phointe) |
| | | | | |
| | (b) | | | **3(5) + 6(2)** |
| | | (i) | Dé-ocsaíd charbóin / meatán / galuisce | (1 phointe) |
| | | (ii) | Ceapann siad cuid den teas gréine (laistigh den atmaisféar) | (1 phointe) |
| | | (iii) | Aon rud díobhálach sa bhreis ar an gcomhshaol | (1 phointe) |
| | | (iv) | e.g. Níos mó crann / níos lú eallaigh / níos lú breosla iontaise a dhó | (1 phointe) |
| | | (v) | *A* = Meath; *B* = Fótaisintéis; *C*= Dó; *D* = Ite ag; *E* = Riospráid<br><br>[Mura bhfuil aon mheaitseáil chinnte leagtha amach, glac leis na seichimh seo a leanas mar fhreagra láncheart:<br><br>(α) B; E; D; C; A.<br><br>(β) Meath; Fótaisintéis; Dó; Ite ag; Riospráid.<br><br>Ina theannta sin glac le codanna de cibé seicheamh a chuireann aon cheann de na litreacha nó téarmaí thuasluaite san ord ceart e.g. "D" sa tríú háit nó "Ite ag" sa cheathrú háit ina seichimh ar leith.] | (5 phointe) |
| | | | | |
| | (c) | | | **2(6) + 6(2)** |
| | | (i) | e.g. truailliú aeir / truailliú uisce / truailliú talún | (2 phointe) |
| | | (ii) | 1. Sampla de dhramhaíl<br>2. An chaoi a ndéantar bainistíocht ar an dramhaíl | (2 phointe) |
| | | (iii) | e.g. Laghdaigh / Athúsáid / Athchúrsáil [Gan iliomad samplaí ón gcatagóir chéanna] | (3 phointe) |
| | | (iv) | e.g. chun dramhaíl a ídiú e.g. dianscaoileadh camrais | (1 phointe) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **12.** | (a) | | | **7 + 2(1)** |
| | | (i) | Gnéithe a fhorbraíonn i ndiaidh caithreachais (ach nach bhfuil baint dhíreach acu le síolrú) | (1 phointe) |
| | | (ii) | Gruaig aghaidhe / guaillí níos leithne / feadán glóir níos mó nó glór níos deimhne / dlús cnáimhe níos airde / níos mó láidreachta sna cnámha / caithir / méadú ar mhéid na mball giniúna | (2 phointe) |
| | (b) | | | **3(5) + 6(2)** |
| | | (i) | Táirgeann sí próigeistéarón / seolann sí bia don suth (don fhéatas) / seolann sí $O_2$ don suth (don fhéatas) / seolann sí antasubstaintí don suth (don fhéatas) / baineann sí $CO_2$ amach as an suth (as an bhféatas) / baineann sí úiré amach as an suth (as an bhféatas)/ coinníonn sí fuil na máthar agus fuil an tsutha (an fhéatais) amach óna chéile. | (2 phointe) |
| | | (ii) | 1. Crapadh na broinne nó briseadh uisce nó leathadh an cheirbheacs [glac le tinneas clainne]<br>2. Saolú linbh<br>3. Baint an tslánaithe | (3 phointe) |
| | | (iii) | *Na buntáistí a bhaineann an leanbh as:* nascadh leis an máthair / antasubstaintí sa bhainne / purgóid sa bhainne / spreagann bainne na máthar le fás baictéir chomhchomaoineacha sa stéig mhór / bainne steiriúil / bainne ar theocht an choirp<br><br>*Na buntáistí a bhaineann an mháthair as:* nascadh leis an leanbh / tagann biseach ar an útaras níos luaithe / frithghiniúnach nádúrtha / laghdaítear riosca ailse chíche leis | (2 phointe) |
| | | (iv) | Éagumas sliocht a chruthú | (1 phointe) |
| | | (v) | Comhleá na ngaiméití [glac le toirchiú] lasmuigh den chorp (e.g. i mias Petri) | (1 phointe) |
| | (c) | | | **2(6) + 6(2)** |
| | | (i) | Cailliúint fola / cailliúint an inmheitriam | (1 phointe) |
| | | (ii) | Scaoileadh na huibhe (ón ubhagán) | (1 phointe) |
| | | (iii) | (Tráth) a bhfuil toirchiú féideartha [glac le “nuair is féidir leat éirí torrach”] / nuair atá ubh san ubhaducht | (1 phointe) |
| | | (iv) | Ubhaduchtanna | (1 phointe) |
| | | (v) | Leabú an tsutha san inmheitriam | (1 phointe) |
| | | (vi) | Éastraigin / próigeistéarón / FSH / LH | (2 phointe) |
| | | (vii) | Stopann sé | (1 phointe) |
| | | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **13.** | (a) | | | **3(3)** |
| | | (i) | Léaráid – trí lipéad | **3,0 + 3(1)** |
| | | (ii) | Micreascóp leictreonach | (1 phointe) |
| | (b) | | | **3(5) + 6(2)** |
| | | (i) | Coimeádann sé na cillí le chéile / tréscaoilteach go roghnaitheach / taispeánann sé antaigin | 2 (phointe) |
| | | (ii) | ~~*A* = Lipid / *B* = Próitéin~~ **tá 7 marc le bronnadh anseo fad is ata iarracht déanta aon chuid de 13 (b) a fhreagairt* | **7 marc** **[i.e. 5 amháin + 2 amháin]** |
| | | (iii) | Miteacoindre | (1 phointe) |
| | | (iv) | D'fhonn ligean d'ábhair dul tríd – [glac le (chun é a dhéanamh) tréscaoilteach] | (1 phointe) |
| | | (v) | Tá balla / folúisín mór / clóraplast ag cealla plandaí | (2 phointe) |
| | | (vi) | Grian / solas | (1 phointe) |
| | (c) | | | **8(3)** |
| | | (i) | Scaoileadh fuinnimh (ó bhia) / gan ocsaigin | (2 phointe) |
| | | (ii) | Cíteaplasma | (1 phointe) |
| | | (iii) | Léaráid agus lipéad amháin [na lipéid inghlactha amháin: ola; aerbhac; feadán, nuair is seolfheadán atá ann ag tabhairt gáis isteach i leacht.] | **3,0 + 3** |
| | | (iv) | Eatánól nó alcól / dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) | (2 phointe) |
| | | (v) | Stop an bhoilgearnach | (1 phointe) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **14.** | (a) | | | **10(3)** |
| | | (i) | *A* = Ballnasc/ *B* = Loingeán/ *C* = Sreabhán sionóibhiach | (3 phointe) |
| | | (ii) | Láidreacht / tacaíocht / cruth / soghluaisteacht / cosaint / ceangal matánach [glac le táirgeadh ceall fola] | (2 phointe) |
| | | (iii) | Tóracsach – cúl an chliabhraigh/ Lumbach – caoldroim/<br>Sacrach – cúl an pheilbhis/ An t-eireaball nó gimide – bun an eireabaill | (4 phointe)<br>Dhá phéire ar bith |
| | | (iv) | e.g. airtríteas / oistéapóróis | (1 phointe) |
| | | | | |
| **14.** | (b) | | | **10(3)** |
| | | (i) | Leacht (cuid den fhuil) | (1 phointe) |
| | | (ii) | Dul i ngleic le galair | (1 phointe) |
| | | (iii) | e.g. cnámh (smior) | (1 phointe) |
| | | (iv) | Rhesus | (1 phointe) |
| | | (v) | 1. Séadaire/ 2. An t-aitriam ar dheis | (2 phointe) |
| | | (vi) | Comhlaí ag dúnadh | (1 phointe) |
| | | (vii) | Artairí corónacha [glac le hartairí cairdiacha] | (1 phointe) |
| | | (viii) | e.g. ith níos lú saille / déan aclaíocht rialta / seachain an iomarca brú / ith níos lú salainn / ná caith tobac | (2 phointe) |
| | | | | |
| **14.** | (c) | | | **10(3)** |
| | | (i) | A = Canálacha leathchiorclacha/ B = Cochla | (2 phointe) |
| | | (ii) | Cothromaíocht | (1 phointe) |
| | | (iii) | Éisteacht | (1 phointe) |
| | | (iv) | Scornach | (1 phointe) |
| | | (v) | Aer | (1 phointe) |
| | | (vi) | Craiceann / teanga / srón | (2 phointe) |
| | | (vii) | *Neamhord/ Beart Cóireála* | (2 phointe) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **15.** | (a) | | | **10(3)** |
| | | (i) | *A* = Stiogma *B* = Antar *C* = Ubhagán *D* = Seipeal | (4 phointe) |
| | | (ii) | Aistriú pailine / (ón antar) go dtí an stiogma | (2 phointe) |
| | | (iii) | Gaoth / feithid / ainmhí eile / an planda féin | (2 phointe) |
| | | (iv) | Toirchiú | (1 phointe) |
| | | (v) | Pailin | (1 phointe) |
| | | | | |
| **15.** | (b) | | | **10(3)** |
| | | (i) | Atáirgeadh/ éighnéasach | (2 phointe) |
| | | (ii) | Sampla amháin / cibé gas-fréamh-duilleog-bachlóg | (2 phointe) |
| | | (iii) | Scaipeadh / scaipeadh teoranta / an sliocht uile soghabhálach i leith na ngalar céanna | (2 phointe) |
| | | (iv) | e.g. Gearrthóga/ cur buinneán sa talamh/ bachlú/ beangú | (2 phointe) |
| | | (v) | *Buntáiste:* e.g. is féidir táirgeadh gnéithe inmhianaithe a rialú<br>*Míbhuntáiste:* e.g. an sliocht uile soghabhálach i leith na ngalar céanna | (2 phointe) |
| | | | | |
| **15.** | (c) | | | **10(3)** |
| | | (i) | A = Xiléim *B* = Fléam | (2 phointe) |
| | | (ii) | A nó Xiléim | (1 phointe) |
| | | (iii) | B nó Fléam | (1 phointe) |
| | | (iv) | Marbh | (1 phointe) |
| | | (v) | Tacaíocht | (1 phointe) |
| | | (vi) | e.g. fréamhbhrú / comhghreamú / greamú / sruth trasghalúcháin | (1 phointe) |
| | | (vii) | Stómaí | (1 phointe) |
| | | (viii) | Talún / eipideirmeach / míristéamach | (2 phointe) |

Leathanach Bán